

# ELeathanach285

Dé Luain 18 Feabhra 2018

## Crith talún sa Bhreatain

Bhí crith talún sa Bhreatain ag an deireadh seachtaine. Is annamh a bhíonn crith talún sa Bhreatain.

Ba í seo an chrith talún ba mhó sa Bhreatain le deich mbliana. Mhóthaigh daoine í sa Bhreatain Bheag agus in oirdheisceart Shasana.

Níor tharla aon damáiste, ach chuir daoine fiseáin ar na meáin shóisialta mar gheall ar an gcrith talún.



Crith talún

## Railí

Sa tSualainn tháinig Craig Breen agus Scott Martin sa dara háit sa chomórtas *Rally Sweden*. Bhí an railí ar siúl ar feadh 3 lá. Bhuaigh Thierry Neuville ón mBeilg í.

Is as Port Láirge do Chraig. Tá sé 28 bliain d'aois. Tiomáineann Craig Citroen C3. Is é Scott Martin an treoraí railí agus is é Craig Breen an tiománaí railí.

Bhí an-áthas ar Chraig agus ar Scott. Bhí go leor sneachta sa tSualainn mar a fheiceann sibh sa ghrianghraf den railí.



## BAFTA

Bhí na gradaim BAFTA ar siúl i Londain aréir. Bhí siad ar siúl sa *Royal Albert Hall*. Ba í Joanna Lumley an láithreoir.

Bhí Jennifer Lawrence, Angelina Jolie, Kate Middleton, an Prionsa William, Margot Robbie agus Saoirse Ronan i láthair.

Faraor ní bhfuair Saoirse an gradam don bhan-aisteoir is fearr, fuair Francis McDormand sin.

Rugadh Saoirse in Nua Eabhrac, ach is as Éirinn di. Tá sí sa scannán *Lady Bird*. Christine McPherson is ainm dá charachtar sa scannán sin.

Tá Saoirse 23 bliain d'aois. Is í Saoirse an t-ambasadóir don ISPCC. Cuireann an ISPCC béim ar chearta páistí.

